Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12637/23

LIMITE

CORLX 845
CFSP/PESC 1205
RELEX 1004
COEST 496
FIN 895

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

1. An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

2. An 23 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1217, lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217. De bhun Airteagal 1(24) de Chinneadh (CBES) 2023/1217, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

3. An 23 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle freisin, lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle. De bhun Airteagal 1(33) de Rialachán (AE) 2023/1214, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir ghlacadh gníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle.

4. Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cásanna faoi seach, chinn an Chomhairle gur cheart, ón 1 Deireadh Fómhair 2023, feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES i ndáil leis na heintitis uile dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217 agus ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014/ ón gComhairle i ndáil leis na heintitis uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle.

5. An 11 Meán Fómhair 2023, chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (12633/23) agus togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1214 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (12635/23).

6. An 14 Meán Fómhair 2023, tháinig RELEX ar chomhaontú maidir le téacsanna an dréachtchinnidh ón gComhairle agus an dréachtrialacháin cur chun feidhme ón gComhairle.



PUBLIC

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle agus an dréachtrialachán cur chun feidhme ón gComhairle a dhearbhú;

- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, mar a leagtar amach, tar éis bailchríoch a bheith curtha air ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 12634/23 é, agus an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1214 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, mar a leagtar amach in 12636/23 é, a ghlacadh.

PUBLIC